Government Budget Summary 2024

Introduction

Budget 2024 was announced in October 2023. The changes below are due to take effect from 1st January 2024, unless otherwise stated.

National Minimum Wage

The Government has approved increasing the national minimum wage by €1.40, from €11.30 to €12.70 from 1 January 2024. The National Minimum Wage is paid to an experienced adult worker who is defined as an employee who is aged 20 or over.

National Minimum Wage	
From 1st January 2024:	
Experienced Adult Worker (employee aged 20 years or over)	€12.70
Employee under 18 years	€8.89
Employee aged 18 years	€10.16
Employee aged 19 years	€11.43

Universal Social Charge (USC)

The exemption threshold of €13,000 remains the same. From 1 January 2024, the ceiling of the 2% band will increase from €22,920 to €25,760, so that the salary of a full-time worker on the minimum wage will remain outside the higher rate of USC. The 4.5% rate will reduce to 4%.

From 1 January 2024, USC rates and bands will be:

USC Thresholds 2024	
	Rate
Income up to €12,012	0.5%
Next €13,748 (up to €25,760)	2%
Next €44,284 (up to €70,044)	4%
Balance	8%

Medical card holders and individuals aged 70 years and over whose aggregate income does not exceed €60,000 will pay a maximum rate of 2% USC. A 'GP' only card is not considered a full medical card for USC purposes.

The rate of 8% USC will continue to apply under the Emergency Basis.

Tax credits, Tax Rates and Tax Bands

There has been no change to tax rates for 2024. The standard rate will remain at 20% and the higher rate at 40%.

See attached **Appendix 1** for increases in the tax credits and tax bands for 2024.

PRSI

All PRSI contribution rates will increase by 0.1% from 1 October 2024. Employers will now pay 8.9% Class A employer PRSI on weekly earnings of up to €441 and pay 11.15% Class A employer PRSI on weekly earnings over €441.

Please note your payroll provider will update your computerised payroll package to take into account the changes to the rates of employers PRSI.

Electricity Credit

All domestic electricity customers will get €450 electricity credit which will be applied to bills in 3 instalments of €150, with the first instalment to be made in December 2023 with the remaining instalments being paid in January and March 2024.

Valued Added Tax (VAT)

The 9% VAT rate on ebooks and audio books will be reduced to zero on 1 January 2024.

One-off additional funding to support increased school running costs

Extra funding will be provided to primary schools in the free education system to deal with challenges they face in light of rising energy costs. Primary schools in the free education scheme will receive €49 of additional capitation funding per pupil. The first installment of this grant was issued to schools during term 1 with the balance to be issued in 2024. Further information on the additional capitation funding can be found on Circular 0056/2023 or on the FSSU guideline P09-2023/2024.

Capitation grant

There will be an increase in the basic rate of capitation funding for primary schools. Further information on this additional capitation funding will be issued when it becomes available from the Department.

Solar panels

From 1 January 2024, the VAT rate for the supply and installation of solar panels in schools is being reduced to zero.

Reporting of Tax-Free Payments – Enhanced Reporting Requirements

Finance Bill 2022 provides for the introduction of a new employer real-time reporting regime in respect of 3 specific tax-free payments made by employers to employees, namely;

➢ Vouchers or tangible assets provided to employee's tax free under the Small Benefit Exemption
➢ Remote working daily allowance payments of up to €3.20 per working day in relation to the days the employee performs the duties of his office or employment from a dwelling or part of a dwelling which is occupied by that employee as his or her residence, where no tax is deducted, and
➢ Travel and subsistence payments paid tax free to an employee.

Where an employer provides any of the above payments or benefits to an employee during a calendar month, the employer will be required to submit a monthly electronic return to Revenue with the relevant details of the payments.

The FSSU will issue a guideline on the enhanced reporting requirements shortly.

Further information or clarification on any of the issues raised in this Guideline can be obtained from the FSSU.

Tel: 01-910 4020
primary@fssu.ie

14th December 2023

Appendix 1

Tax credits, tax rates and tax bands

Tax Credit	2023 €	2024 €
Single Person	1,775	1,875
Married or in a Civil Partnership	3,550	3,750
Employee Tax Credit	1,775	1,875
Earned Income Tax Credit	1,775	1,875
Widowed Person or Surviving Civil Partner (without qualifying child)	2,315	2,415
Single Person Child Carer Tax Credit	1,650	1,750
Incapacitated Child Tax Credit	3,300	3,500
Blind Tax Credit:		
• Single Person	1,650	1,650
• Married or in a Civil Partnership - One Spouse or Civil Partner Blind	1,650	1,650
• Married or in a Civil Partnership - Both Spouses or Civil Partners Blind	3,300	3,300
Widowed Parent		
• Bereaved in 2023	-	3,600
• Bereaved in 2022	3,600	3,150
• Bereaved in 2021	3,150	2,700
• Bereaved in 2020	2,700	2,250
• Bereaved in 2019	2,250	1,800
Age Tax Credit:		
• Single or Widowed or Surviving Civil Partner	245	245
• Married or in a Civil Partnership	490	490
Dependent Relative	245	245
Home Carer Tax Credit	1,700	1,800

Tax rates and tax bands

Personal Circumstances	2023 €	2024 €
Single or Widowed or Surviving Civil Partner, without qualifying child	40,000 @ 20% Balance @ 40%	42,000 @ 20% Balance @ 40%
Single or Widowed or Surviving Civil Partner, qualifying for Single Person Child Carer Credit	44,000 @ 20% Balance @ 40%	46,000 @ 20% Balance @ 40%
Married or in a Civil Partnership, one Spouse or Civil Partner with Income	49,000 @ 20% Balance @ 40%	51,000 @ 20% Balance @ 40%
Married or in a Civil Partnership, both Spouses or Civil Partners with Income	49,000 @ 20% with increase of 31,000 max. Balance @ 40%	51,000 @ 20% with increase of 33,000 max. Balance @ 40%

Achoimre ar Bhuiséad Rialtais 2024

Réamhrá

Rinneadh Buiséad 2024 a fhógairt i nDeireadh Fómhair 2023. Tá na hathruithe thíos le teacht i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024, mura luaitear a mhalairt.

An Pá Íosta Náisiúnta

Tá an Rialtas tar éis ceadú a thabhairt ardú €1.40 a chur ar an bpá íosta náisiúnta, ó €11.30 go €12.70 ón 1 Eanáir 2024. Íoctar an Pá Íosta Náisiúnta le hoibrithe fásta a bhfuil taithí acu agus a shainmhínítear mar fhostaithe atá 20 bliain d'aois nó níos sine.

An Pá Íosta Náisiúnta	
Ón 1 Eanáir 2024:	
Oibrí Fásta a bhfuil Taithí aige/aici (fostaí 20 mbliana d'aois nó níos sine)	€12.70
Fostaí faoi 18 mbliana d'aois	€8.89
Fostaí 18 mbliana d'aois	€10.16
Fostaí 19 mbliana d'aois	€11.43

An Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)

Beidh an tairseach dhíolúine chéanna, i.e. €13,000, fós i bhfeidhm. Ón 1 Eanáir 2024, ardófar uasteorainn an bhanda 2% ó €22,920 go dtí €25,760 sa chaoi go bhfanfaidh tuarastal duine atá ag obair go lánaimseartha ar an bpá íosta lasmuigh den chéad ráta eile MSU. Laghdófar an ráta 4.5% go dtí 4%.

Ón 1 Eanáir 2024, is mar seo a leanas a bheidh rátaí agus bandaí MSU:

Tairseacha MSU 2024	
	Ráta
Ioncam suas go €12,012	0.5%
An chéad €13,748 eile (suas go €25,760)	2%
An chéad €44,284 eile (suas go €70,044)	4%
Iarmhéid	8%

Beidh uasráta MSU 2% le híoc ag sealbhóirí cárta leighis agus daoine atá 70 bliain d'aois nó níos sine agus nach bhfuil a n-ioncam comhiomlán níos mó ná €60,000. Ní mheastar cárta 'DG amháin' a bheith ina chárta leighis iomlán chun críocha MSU.

Leanfar den ráta MSU 8% a chur i bhfeidhm faoin mBonn Éigeandála.

Creidmheasanna Cánach, Rátaí Cánach agus Bandaí Cánach

Ní dhearnadh athrú ar bith ar na rátaí cánach don bhliain 2024. Beidh an ráta caighdeánach fós ag 20% agus an t-ardráta ag 40%.
Féach **Aguisín 1** atá ag gabhail leis seo le haghaidh eolais ar na méaduithe ar na creidmheasanna cánach agus ar na bandaí cánach don bhliain 2024.

ÁSPC

Tiocfaidh méadú 0.1% ar gach ráta ranníocaíochta ÁSPC ón 1 Deireadh Fómhair 2024. Íocfaidh fostóirí ÁSPC fostóra Aicme A 8.9% anois ar thuilleamh seachtainiúil suas go €441 agus íocfaidh siad ÁSPC fostóra Aicme A 11.15% ar thuilleamh seachtainiúil os cionn €441.

Tabhair faoi deara go nuashonróidh do sholáthraí párolla do phacáiste párolla ríomhairithe chun go gcuirfí san áireamh na hathruithe ar rátaí ÁSPC an Fhostóra.

Creidmheas Leictreachais

Gheobhaidh gach custaiméir leictreachais teaghlaigh creidmheas leictreachais €450 a chuirfear i bhfeidhm ar bhillí i 3 thráthchuid de €150. Íocfar an chéad tráthchuid i mí na Nollag 2023 agus íocfar na tráthchodanna eile i mí Eanáir agus i mí an Mhárta 2024.

Cáin bhreisluacha (CBL)

Laghdófar an ráta CBL 9% ar ríomhleabhair agus ar chlosleabhair go nialas ar an 1 Eanáir 2024.

Maoiniú breise aon uaire chun tacú le costais mhéadaithe reatha scoile

Cuirfear maoiniú breise ar fáil do bhunscoileanna sa chóras saoroideachais chun déileáil le dúshláin atá rompu i bhfianaise costais fuinnimh ag ardú. Geobhaidh bunscoileanna sa scéim saoroideachais €49 de mhaoiniú breise caipitíochta in aghaidh an dalta. Eisíodh an chéad tráthchuid den deontas seo do scoileanna le linn théarma 1 agus tá an t-iarmhéid le heisiúint in 2024. Is féidir tuilleadh eolais faoin maoiniú caipitíochta breise a fháil i gCiorclán 0056/2023 nó i dtreoirlíne FSSU P09-2023/2024.

Deontas Caipitíochta

Cuirfear méadú ar an mbunráta maoinithe caipitíochta do bhunscoileanna. Eiseofar tuilleadh eolais faoin maoiniú caipitíochta breise seo nuair a bheidh sé ar fáil ón Roinn.

Grianphainéil

Ón 1 Eanáir 2024, laghdófar an ráta CBL ar sholáthar agus suiteáil painéil ghréine i scoileanna go nialas.

Íocaíochtaí Saor ó Cháin a Thuairisciú – Ceanglais Tuairiscithe Fheabhsaithe

Foráiltear leis an mBille Airgeadais, 2022 go dtabharfaí isteach córas tuairiscithe fíor-ama fostóra nua maidir le 3 íocaíocht shonracha saor ó cháin a rinne fostóirí le fostaithe, eadhon;

- Dearbháin nó sócmhainní inláimhsithe a sholáthraítear d'fhostaithe saor ó cháin faoin Díolúine i leith Sochair Bheaga
- Íocaíochtaí liúntais laethúla cianoibre suas go €3.20 in aghaidh an lae oibre i ndáil leis na laethanta a chomhlíonann an fostaí dualgais a oifige nó a fhostaíochta ó theach cónaithe nó ó chuid de theach cónaithe atá áitithe ag an bhfostaí sin mar áit chónaithe aige, i gcás nach n-asbhaintear aon cháin, agus
- Íocaíochtaí taistil agus cothabhála a íoctar saor ó cháin le fostaí.

I gcás ina soláthraíonn fostóir aon cheann de na híocaíochtaí nó na sochair thuas d'fhostaí le linn mí féilire, ceanglófar ar an bhfostóir tuairisceán leictreonach míosúil a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim le sonraí ábhartha na n-íocaíochtaí.

Eiseoidh an FSSU treoirlíne maidir leis na ceanglais tuairiscithe fheabhsaithe go luath.
Déan teagmháil le FSSU le tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa Treoirlíne seo.

Guthán: 01-910 4020,
primary@fssu.ie

An 14 Nollaig 2023

Aguisín 1

Creidmheasanna cánach, rátaí cánach agus bandaí cánach

Creidmheas Cánach	**2023 €**	**2024 €**
Duine Singil	1,775	1,875
Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta	3,550	3,750
Creidmheas Cánach Fostaí	1,775	1,875
Creidmheas Cánach i leith Ioncam Tuillte	1,775	1,875
Baintreach Fir nó Mná nó Páirtí Sibhialta Marthanach (nach bhfuil leanbh incháilithe aige nó aici)	2,315	2,415
Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil	1,650	1,750
Creidmheas Cánach do Leanbh Éagumasaithe	3,300	3,500
Creidmheas Cánach na nDall:		
• Duine Singil	1,650	1,650
• Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta - Céile nó Páirtí Sibhialta Amháin Dall	1,650	1,650
• Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta - An Bheirt Chéilí nó an Bheirt Pháirtithe Sibhialta Dall	3,300	3,300
Tuismitheoir ar Baintreach é nó í		
• Céile/Páirtí Caillte in 2023	-	3,600
• Céile/Páirtí Caillte in 2022	3,600	3,150
• Céile/Páirtí Caillte in 2021	3,150	2,700
• Céile/Páirtí Caillte in 2020	2,700	2,250
• Céile/Páirtí Caillte in 2019	2,250	1,800
Creidmheas Cánach Aoise:		
• Baintreach Fir nó Mná nó Páirtí Sibhialta Marthanach nó Singil	245	245
• Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta	490	490
Gaol Cleithiúnach	245	245
Creidmheas Cánach Cúramóra Baile	1,700	1,800

Rátaí cánach agus bandaí cánach

Cúinsí Pearsanta	2023 €	2024 €
Baintreach Fir nó Mná nó Páirtí Sibhialta Marthanach nach bhfuil leanbh cleithiúnach aige nó aici	40,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%	42,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%
Baintreach Fir nó Mná nó Páirtí Sibhialta Marthanach nó Singil, atá i dteideal Creidmheas Cúramóra Linbh do Dhuine Singil	44,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%	46,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%
Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta, Céile nó Páirtí Sibhialta Amháin a bhfuil Ioncam aige nó aici	49,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%	51,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%
Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta, Ioncam ag an mBeirt Chéilí nó ag an mBeirt Pháirtithe Sibhialta	49,000 @ 20% le méadú 31,000 ar a mhéad. Iarmhéid @ 40%	51,000 @ 20% le méadú 33,000 ar a mhéad. Iarmhéid @ 40%